**FÓGRA POIBLÍ**
**An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021**
**Alt 16**

**Ceapadh Phlean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029**

Tá Fógra á thabhairt leis seo gur ghlac Comhairle Contae Dhún na nGall, de bhun Alt 16 den Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, lena Plean Gníomhaithe an Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide 2024-2029.

Is le Contae Dhún na nGall a bhaineann an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029. Leagtar amach ann an dóigh a gcuirfidh an t-údarás áitiúil chun cinn raon beart maolúcháin, beart oiriúnúcháin agus beart eile um ghníomhú ar son na haeráide, d'fhonn cuidiú le seachadadh a dhéanamh ar na dualgais náisiúnta maidir leis an aeráid agus ar an Chuspóir Náisiúnta Aeráide de chuid an Rialtais go foriomlán, a fhéachann le tóraíocht agus gnóthachtáil a dhéanamh, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050, ar an aistriú go dtí geilleagar a bheidh díonach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de.

Bhí an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029 faoi réir Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna Áirithe agus ar Chláir Áirithe) 2004 (I.R. 435 de 2004 arna leasú le S.I. 200 de 2011) i dtaca le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST/SEA) agus faoi réir Measúnachta Cuí (MC/AA), de bhun Airteagal 6 den Treoir um Ghnáthóga 92/43/CEE, arna trasuíomh i ndlí na hÉireann fé Rialachán 42(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (S.I. Uimh. 477/2011), arna leasú.

De bhun na rialachán réamhluaite um MST, tá fógra á thabhairt leis seo go bhfuil Ráiteas maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta i leith an phlean ar fáil lena iniúchadh, ina bhfuil achoimre:

- ar an dóigh a ndearnadh na breithnithe timpeallachta a shnaidhmeadh sa phlean;
- ar an dóigh a ndearnadh breithniú ar aighneachtaí/chomhairliúcháin;
- ar na fáthanna leis an bplean agus leis na modhnuithe ar phlean a roghnú, i bhfianaise na roghanna réasúnta eile lenar pléadh;
- Bearta Monatóireachta

De bhun Rialacháin réamhluaite na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), tá cinneadh Chomhairle Contae Dhún na nGall agus na fáthanna leis an chinneadh sin ar fáil fosta lena iniúchadh le linn uaireanta oifige agus ar líne, mar a shonraítear thíos.

Is féidir féachaint ar Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Contae Dhún na nGall 2024-2029 sna háiteanna eile le linn uaireanta oifige:

- Leabharlanna Poiblí i Leitir Ceanainn, Baile na nGallóglach, Bun Cranncha, Carn Domhnaigh, Bun an Phobail, Srath an Urláir, Rath Bhoth, Gaoth Dobhair, An Clochán Liath, Bun Dobhráin, Baile Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear.

Is féidir féachaint ar an Ráiteas maidir le Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST/SEA) agus an Tuarascáil Dheiridh maidir le Tuarascáil Tionchair Natura, na Cinntí/Fáthanna le Cinntí agus na cáipéisí eile ar fad a fheiceáil sna láithreacha so a leanas le linn uaireanta oifige an chloig:

- Teach an Chontae, Leifear, F93 Y622

Tá an Plean agus gach cáipéisíocht a bhaineann leis ar fáil le breathnú ag https://www.donegalcoco.ie/services/environment/climateaction/